

SIAMSÁN SA MBAILE!

Brioscaí Sceallaí Seacláide

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Caitheamh Aimsire' téama na seachtaine seo! Is deas an caitheamh aimsire bheith ag bácáil. Seo oideas le brioscaí blasta a dhéanamh.

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Lean na treoracha mar atá luaite

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr den saothar a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 22 Bealtaine mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Brioscaí Sceallaí Seacláide

Comhábhair

125g im bog
50g siúcra donn bog
150g plúr éiritheach
100g sceallaí seacláide
1 ubh bhualte
1 spúnóg bheag úscra fanaile

Trealamh

Babhla mór
Spúnóg adhmaid
Forc
Criathar
Spúnóg mhilseoige
Stán bácála
Raca sreinge

Modh

1. Téigh an t-oigheann go 180 céim C Gás 4.
2. Gréiscigh an stán bácála le him.
3. Buail an t-im agus an siúcra le chéile go dtí go mbeidh siad éadrom agus cúrach.
4. Cuir an ubh leis an meascán ime agus siúcra agus measc go maith.
5. Criathraigh an plúr isteach agus measc arís.
6. Cuir na sceallaí seacláide leis an taos agus measc arís eile.
7. Tóg spúnóg mhilseoige den taos agus déan liathróid de. Cuir an taos ar an stán bácála agus brúigh síos é le cruth brioscaí a dhéanamh de. Lean ort go dtí go mbeidh an taos ar fad úsáidte agat.
8. Bácail san oigheann ar feadh 15/20 bomaite.
9. Fuaraigh na brioscaí ar an stán ar feadh 2 bhomaite agus ansin cuir ar ráca sreinge.
10. Bain sásamh as do shaothar le cupán deas tae!

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta